**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

## ACHTANNA NA MBÓITHRE, 1993 GO 2023 – ALT 75

## DÚNADH SEALADACH BÓITHRE AR ROINNT BÓITHRE I BHFINE GALL CHUN PARÁIDÍ NA FÉILE PÁDRAIG A ÉASCÚ DÉ MÁIRT AN 17 MÁRTA 2026

Tá sé beartaithe ag Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall Paráidí na Féile Pádraig a reáchtáil ag láithreacha ar fud an chontae Dé Máirt an 17 Márta 2026 agus, chun bealaí na bparáidí a éascú, tá sé beartaithe roinnt bóithre a dhúnadh go sealadach ag na láithreacha atá liostaithe thíos:

| Láthair | Bealach |
|---|---|
| **Sráidbhaile Bhaile Bhlainséir** | Ó acomhal Ascaill an Teampaill, Bhóthar an Mhuilinn, agus Shráid Mhór Bhaile Bhlainséir, feadh Shráid Mhór Bhaile Bhlainséir, ag casadh ag an acomhal le Bóthar Chluain Saileach, agus ag críochnú ar Bhóthar Chluain Saileach idir acomhail na Sráide Móire agus Phlásóg na Rós. |
| **Lár Baile Bhaile Brigín** | Ó Charrchlós Chaisleán Bhrí Mhór, Sráid Dhroichead Átha, ar aghaidh go Sráid Bhaile Átha Cliath, agus ag críochnú ag Eaglais Naomh Peadar agus Pól. |
| **Sráidbhaile Mhullach Íde** | Bóthar Mhullach Íde/an R106 ó acomhal Bhóthar na mBallaí Buí go hacomhal Pháirc na Mara, Bóthar an Chósta. |
| **Lár Baile Shoird** | Ó Choláiste Choilm, Bóthar Bhaile Átha Cliath, feadh na Sráide Móire, ag casadh ar dheis ag acomhal Shráid an Droichid, feadh na Sráide Thuaidh, agus ag críochnú ag Páirc Bhaile Chaisleán Shoird. |

D'fhéadfadh srianta áitiúla a bheith i bhfeidhm ón Luan an 16 Márta 2026 chun go mbeifear in ann bealaí agus ardáin féachana a ullmhú. Beidh malairtí slí i bhfeidhm ón luathmhaidin an 17 Márta 2026.

Cuirfear paráidí na Féile Pádraig a bheidh eagraithe go háitiúil ar siúl ar fud Fhine Gall freisin. Fógrófar mionsonraí ar leithligh.

**Tá mionsonraí iomlána faoi bhealaí malartacha, amanna agus malairtí slí ag gach láthair foilsithe ar líne ag https://consult.fingal.ie.**

**Coinneofar rochtain éigeandála ar bun i gcónaí, agus éascófar rochtain áitiúil ar bhonn rollach le haghaidh gach paráide.**

Tá aiféala ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoi aon mhíchaoithiúlacht a eascraíonn as seo.

Féadfaidh aon duine agóid a thaisceadh ar líne tríd an Tairseach Comhchomhairliúcháin ag https://consult.fingal.ie nó i scríbhinn chuig an Oifigeach Riaracháin (Paráidí na Féile Pádraig), Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, agus ní mór í a bheith faighte **tráth nach déanaí ná 5pm Dé hAoine an 27 Feabhra 2026.** Déan cinnte de go bhfuil **"Dúnadh Sealadach Bóithre – Paráidí na Féile Pádraig"** marcáilte go soiléir ar d'aighneacht nó ar do thuairim agus go sonraítear inti an láthair a bhfuil tú ag déanamh tagairt di.

**Oifigeach Riaracháin, An Roinn Oibríochtaí.**

Na barúlacha uile a cuireadh faoi bhráid na Comhairle maidir leis an Dúnadh Sealadach Bóithre seo, lena n-áirítear ainm na ndaoine sin a thug barúlacha, beidh siad mar chuid den tuarascáil reachtúil atá le cur i láthair ag an gcruinniú míosúil de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall.

Dá réir sin, liostófar sa tuarascáil reachtúil na daoine nó na comhlachtaí a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí maidir leis an Dúnadh Sealadach Bóithre beartaithe de réir rialacháin an Achta um Thrácht ar Bhóithre, 1994.

Cuirfear na haighneachtaí ar áireamh i miontuairiscí an chruinnithe sin freisin agus, dá thoradh sin, beidh siad le feiceáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle. Trí aighneacht a dhéanamh, beidh ainm na ndaoine aonair nó na gcomhlachtaí le feiceáil ar an tuarascáil reachtúil agus i miontuairiscí an chruinnithe.

## ROADS ACT 1993 TO 2023 – SECTION 75

## TEMPORARY ROAD CLOSURE OF A NUMBER OF ROADS IN FINGAL TO FACILITATE SAINT PATRICK'S DAY PARADES ON TUESDAY 17TH MARCH 2026

Fingal County Council Events Unit proposes to hold Saint Patrick's Day Parades at locations across the county on Tuesday 17th March 2026, and to facilitate the parade routes, it is proposed to temporarily close a number of roads at the locations listed below:

| Location | Route |
|---|---|
| **Blanchardstown Village** | From the junction of Church Avenue, Mill Road, and Main Street Blanchardstown, along Blanchardstown Main Street, turning at the junction with Clonsilla Road, terminating on Clonsilla Road between Main Street and Roselawn junctions. |
| **Balbriggan Town Centre** | From Bremore Castle Car Park, Drogheda Street, through to Dublin Street, finishing at St. Peter & Pauls Church. |
| **Malahide Village** | Malahide Road/ (R106) from the junction of Yellows Walls Road to the junction of Seapark, Coast Road. |
| **Swords Town Centre** | From Coláiste Choilm, Dublin Road, along Main Street, turn-ing right at the Bridge Street junction, along North Street and finishing at Swords Castle Town Park. |

Local restrictions may be in place from Monday 16th March 2026 to permit route and viewing platforms set-up. Route diversions will be in place from early morning on 17th March 2026.

Locally arranged St. Patrick's Day Parades will also take place throughout Fingal. Details will be advertised separately.

**Full details of alternative routes, times and diversions at each location are published online at https://consult.fingal.ie.**

**Emergency access will be maintained at all times, and local access will be facilitated on a rolling basis for all parades.**

Fingal County Council regrets any inconvenience caused in relation to this matter.

Any person may lodge an objection online through the Consultation Portal, at https://consult.fingal.ie, or in writing to the Administrative Officer, (Saint Patrick's Day Parades), Fingal County Council, Grove Road, Blanchardstown, Dublin 15, to arrive **no later than 5pm Friday 27th February 2026.** Please ensure your submission or observation is clearly marked **"Temporary Road Closure – St. Patrick's Day Parades"** and specifies the location you are referring to.

**Administrative Officer, Operations Department.**

All comments, including the names of those making comments, which are submitted to the Council regarding this Temporary Road Closure will form part of the statutory report to be presented to the monthly meeting of Fingal County Council.

Accordingly the statutory report will list the persons or bodies who made submissions or observations with respect to the proposed Temporary Road Closure in accordance with the regulations of the Road Traffic Act 1994.

The submissions will also be included in the minutes of that meeting and consequently will appear on the Council's Website. By making a submission the name of individual or bodies will appear on the statutory report and minutes of the meeting.